


## Cúrsaí ailtireachta

### Ceist 1

Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuirisc faoi chúrsaí ailtireachta sa Tuaisceart. Féach tú féin agus an duine in aice leat ar na focail seo a bheidh le cloisteáil sa mhír. An dtuigeann sibh iad?

1. lárionad Gaeilge \_\_\_\_\_
2. ainmnithe \_\_\_\_\_
3. gearrliosta \_\_\_\_\_
4. gradam deartha \_\_\_\_\_
5. iomaíocht \_\_\_\_\_
6. chomh tarraingteach \_\_\_\_\_
7. chomh héifeachtach \_\_\_\_\_
8. áis \_\_\_\_\_
9. inspioráid \_\_\_\_\_
10. seodra \_\_\_\_\_



Anois, féach ar an tuairisc den chéad uair le feiceáil an féidir leat na focail sin a aithint sa mhír nuachta.

### Ceist 2

Féach ar an tuairisc den dara huair agus bain úsáid as na focail ó cheist 1 thuas chun cur síos a dhéanamh don duine in aice leat ar ábhar na míre.

### Ceist 3

Féach ar an tuairisc arís agus freagair na ceistanna seo:

1. Cad is ainm don dá fhoirgneamh a luaitear sa mhír?
2. Cá bhfuil na foirgnimh sin?
3. Cad é go díreach an gradam atá i gceist?
4. Cad atá in Ionad Uí Chonghaile?

5. Cén fáth a bhfuil iontas ar Shéanna Breathnach?
6. Cad é an ceangal idir Áras na bhFál agus an t-amhrán *The Black Velvet Band*?
7. Cathain a fhógrófar na torthaí?

**Ceist 4** ‘...an t-ionad...’ agus ‘...an iarsmalann...’

Féach ar na samplaí sa tábla thíos. Ansin, cuir an t-alt roimh na hainmfhocail sa liosta faoin tábla agus déan cibé athrú is gá ar na hainmfhocail. Tá an chéad cheann déanta duit.

Ainmfhocail bhaininsneacha	Ainmfhocail fhirinsneacha
dar tús consan:  an <u>ch</u> eist an <u>bh</u> ábóg an <u>gh</u> ruaim  an tír an draíocht	dar tús consan:  an fráma an bád an cupán  an teach an duine
dar tús s:  an <u>ts</u> ráid	dar tús s:  an suíochán
dar tús guta:  an iarsmalann	dar tús guta:  an t-ionad

bord	an bord
siúcra	_____
aois	_____
fuinneog	_____
síceolaíocht	_____
bialann	_____
eolas	_____
páipéar	_____
eolaíocht	_____

Mura bhfuil tú cinnte faoi inscne an fhocail, féach san fhoclóir.

**Ceist 5** ‘...naoi bhfoirgneamh...’

Líon na bearnaí sa tábla thíos chun na rialacha a bhaineann le rudaí a chomhaireamh a léiriú:

	1	2-6	7-10
teach			
árasán			

**Ceist 6**

Pléigh na ceisteanna leis na daoine eile i do ghrúpa:

1. Cé acu is fearr leat, Áras Uí Chonghaile nó Áras na bhFál? Cén fáth?
2. Cad é an foirgneamh nó an teach is fearr leat ar domhan? Cén fáth? Déan cur síos air do na daoine eile sa ghrúpa.

## Treoracha agus Freagraí

### Ceist 1

1. lárionad Gaeilge	Irish centre
2. ainmnithe	nominated
3. gearrliosta	shortlist
4. gradam deartha	design award
5. iomaíocht	competition
6. chomh tarraingteach	so attractive
7. chomh héifeachtach	so effective
8. áis	facility
9. inspioráid	inspiration
10. seodra	jewellery

### Ceist 2

Féach an script.

### Ceist 3

Féach an script.

### Ceist 4

bord:	an bord
siúcra:	an siúcra
aois:	an aois
fuinneog:	an fhuinneog
síceolaíocht:	an tsíceolaíocht
bialann:	an bhialann
eolas:	an t-eolas
páipéar:	an páipéar
eolaíocht:	an eolaíocht

### Ceist 5

	1	2-6	7-10
teach	teach amháin	(dhá, trí, ceithre, cúig, sé) <b>theach</b>	(seacht, ocht, naoi, deich) <b>dteach</b>
árasán	árasán amháin	(dhá, trí, ceithre, cúig, sé) árasán	(seacht, ocht, naoi, deich) <b>n-árasán</b>

### Ceist 6

Is féidir gach grúpa a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin na ceisteanna a phlé leis an rang iomlán.

### **Eimear Ní Chonaola**

Tá dhá lárionad Gaeilge ainmnithe ar ghearrliosta do Ghradaim Deartha Ailtireachta sa Tuaisceart. Tá Áras Uí Chonghaile agus Áras na bhFál i mBéal Feirste i measc naoi bhfoirgneamh atá san iomaíocht do Ghradaim an Chumainn Ríoga d'Ailtirí Uladh.

### **Áine Ní Ghallchóir**

Trí bliana ó shin a fosclaíodh<sup>1</sup> Áras Uí Chonghaile ar Bhóthar na bhFál. Ionad ina bhfuil iarsmalann, leabharlann, spás d'imeachtaí agus caifé. Tá an t-ionad ar an ghearrliosta<sup>2</sup> de mhórghradaim deartha ailtireachta – Gradaim an Chumainn Ríoga d'Ailtirí Uladh.

### **Séanna Breathnach, Áras Uí Chonghaile**

Níor chreid muid riamh go mbeadh muid ar an liosta sin, ach tá muid ann. An méid oibre atá déanta anseo. Níor chreid muid go mbeadh sé chomh tarraingteach, go mbeadh sé chomh héifeachtach mar áit do chuairteoirí anseo i mBéal Feirste agus an sórt, is dócha, go mbeadh sé mar áis ag an phobal anseo chomh maith.

### **Áine Ní Ghallchóir**

Leathmhíle soir an bóthar tá ionad úr Gaeilge eile, Áras na bhFál, atá ar an ghearrliosta chéanna. Tá eagraíochtaí Gaeilge ag cur fúthu ann, ina measc Conradh na Gaeilge, Comhairle na Gaelscolaíochta, Iontaobhas na Gaelscolaíochta agus Forbairt Feirste.

### **Jake Mac Siacais, Forbairt Feirste**

Bhí an inspioráid ag an ailtire ón amhrán sin *The Black Velvet Band*. So, seo ag barr an Bhealaigh Leathain agus bhí seisean ag smaoineamh ar '*her eyes they shone like the diamonds.*' So, tá a lán fuinneoga beaga san fhoirgneamh agus san oíche tchíonn<sup>3</sup> tú sin mar sheodra leis na soilse ag teacht amach as. Agus, tá muid ag barr an Bhealaigh Leathain – '*as I was walking down Broadway.*' So, sin an inspioráid a bhí aige agus rinne sé jab den scoth.

### **Áine Ní Ghallchóir**

Fógrófar an buaiteoir ag deireadh na míosa.

Áine Ní Ghallchóir, Nuacht TG4, iarthar Bhéal Feirste.

---

<sup>1</sup> fosclaíodh = leagan canúnach de 'osclaíodh'

<sup>2</sup> Canúint Uladh atá ag an gcainteoir seo; mar sin, cuirtear séimhiú seachas urú ar ainmfhocail i ndiaidh réamhfhocail agus an ailt.

<sup>3</sup> tchíonn = leagan canúnach de 'feiceann'